CEACHT 38

ÉIN AG SNÁMH



Pictiúr: Radharc:

Páid agus Bríd ar a nglúine ar bhruach na habhann, éin ag snámh san abhainn, píosaí aráin le cur sa chiorcal cainte agus i lámha Pháid agus Bhríde de réir mar a oireann, éan amháin (eala) "ina codladh", na héin ag imeacht leo ansin.

Céim 4: ag déanamh ceachtanna (Ceacht 36), ag léamh leabhair (Ceacht 16), ag scuabadh an urláir (Ceacht 7), ag ní lámha, ag oscailt fuinneoige.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh dé réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Chuaigh Páid agus Bríd síos go dtí an abhainn. Chonaic siad na héin ag snámh. Bhí spórt mór acu leo.

Agallamh

PÁID: Tá ocras ar na héin. Caithfidh mé arán a thabhairt dóibh.
BRÍD: Níor thug mise aon arán liom. Caithfidh tusa píosa a thabhairt dom.
PÁID: Seo duit. Ó Féach! an bhfuil an t-éan sin marbh?
BRÍD: Níl. Tá sé ina chodladh.

Cuntas Reatha

D'ith na héin an t-arán go léir. D'imigh siad leo ag snámh. D'fhan Bríd agus Páid ag féachaint orthu.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cé a chuaigh go dtí an abhainn?
Chonaic siad rud éigin?
Bhí spórt acu, is dócha?

Tá tart ar na héin, a "Pháid"?
Caithfidh tú rud éigin a thabhairt dóibh?
An bhfuil arán agatsa, a "Bhríd"?
Abair le Páid píosa a thabhairt duit.
Tabhair di é, a "Pháid".
Agus tá ceist agat faoin éan sin?
Freagair é, a "Bhríd".

Conas mar atá sé? (Cén chaoi a bhfuil sé?)
Céard a rinne na héin?
Agus ansin?
Agus céard faoi Pháid agus Bhríd?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Chonaic* siad na héin.
   (*gach lá, amárach, anois;* ní, an?: *inné;* ní, an?: *amárach*).
2. Caithfidh mé *arán a thabhairt dóibh.*
   (*mo cheachtanna a dhéanamh, mo leabhar a léamh, mo lámha a ní, an fhuinneog a oscailt, an t-urlár a scuabadh*).
3. Níor thug *mise* aon arán *liom.*
   (*mise, eisean, ise, iadsan, Seán, Máire*).
4. *D'ith* na héin an t-arán.
   (*gach lá, maidin amárach, aréir, anois;* níor, ar?: *inné;* an? ní: *amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh Páid agus Bríd síos go dtí an abhainn. Thit Bríd isteach . . .*"
   Ceisteanna ó pháistí eile.
3. Dráma:
   Páid agus Bríd ag insint dá máthair faoina bhfaca agus faoina ndearna siad thíos ag an abhainn.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
5. Páistí ag cur síos ar pheata éin atá acu féin sa bhaile.
6. Cluiche sa chlós:
   Na páistí ag caitheamh píosaí "aráin" (boscaí lasán folamha) chuig éiníní atá ag "eitilt". Sciobann gach éan píosa más féidir. Iadsan a n-éiríonn leo píosa a sciobadh éiríonn siad as an gcluiche. Leantar ar aghaidh leosan a bhíonn fágtha. (Is féidir ainmneacha na n-éanlaith i dtimpeallacht na bpáistí a thabhairt isteach anseo).

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Eala ag snámh
Ansiúd san abhainn
Ag lorg aráin
A chaith Nóirín ann.

Curfá
Ag snámh ins an abhainn
Ag snámh go réidh
Ag snámh, ag snámh
I rith an lae.

II

Eala mhór bhán
Ag ligean a scíth'
Istigh faoina sciathán
Tá a gob deas buí.

Curfá
Ag snámh ins an abhainn
Ag snámh go réidh
Ag snámh, ag snámh
I rith an lae.